

Cáin Chonspóideach

Ceist 1 Beidh tú ag féachaint ar ball ar thuirisc faoin cháin chonspóideach atá ar thithe cónaithe anois.

A. Sula bhféachann tú ar an tuairisc an féidir leat féin agus an duine in aice leat na focail Ghaeilge a cheangal leis na focail Bhéarla?

1. property tax	a. <i>cóir</i>
2. Revenue Commissioners	b. <i>seachas</i>
3. fair / just:	c. <i>mórtimpeall</i>
4. Revenue Commissioners' website	d. <i>Na Coimisinéirí Ioncaim</i>
5. besides	e. <i>cáin mhaoine</i>
6. councillor	f. <i>féinmheasúnú</i>
7. that the guidelines make no sense	g. <i>suíomh idirlín na gCoimisinéirí Ioncaim</i>
8. surrounding	h. <i>nach bhfuil aon dealramh leis an treoir</i>
9. suburbs	i. <i>séarachas</i>
10. sewerage	j. <i>bruachbhailte</i>
11. self-assessment:	k. <i>comhairleoir</i>

1	2	3	4	5	6	7	8	9	10	11

B. Féachaigí ar an mhír anois le fáil amach an raibh an ceart agaibh.

Ceist 2 Féachaigí ar an mhír den dara huair agus:

A. Cuir na pointí eolais thíos san ord atá siad sa mhír. Cuir an uimhir (1) leis an chéad phíosa agus mar sin de síos go dtí an píosa deireanach.

- Tá an cháin le híoc roimh dheireadh na bliana cé nach ach leathbhliain cánach a bheidh ann.
- Tá tús curtha leis an cháin mhaoine a bhailiú.
- Beidh bliain iomlán cánach le híoc sa bhliain 2014.
- Tá litreacha curtha chuig úinéirí tí ar fud na tíre.
- Tá beirt chainteoirí ag gearán faoin cháin agus faoin treoir atá ar an suíomh.
- Deir na Coimisinéirí Ioncaim gur cheart na teoracha ar a suíomh idirlín a leanúint chun an cháin cheart a íoc.

B. Cén gearán a bhí ag an bheirt fhear sa mhír?

Ceist 3 ‘...a chás féin...’

Cad is brí leis na focail thuas?

Anois cuir an fhoirm cheart den fhocal **teach** sna bearnaí thíos:

mo _____
do _____
a _____ (his)
a _____ (her)
ár _____
bhur _____
a _____ (their)

Ceist 4. ‘...a chur...’

An féidir leat na habairtí thíos a chríochnú? Beidh ort na focail idir lúbíní a athrú.

1. Ar mhiste leat an fhuinneog a _____, le do thoil. Tá sé chomh brothallach anseo. (oscail)
2. Bhí orm an tsiopadóireacht a _____ ar an Aoine mar ní raibh faic sa teach. (déan)
3. Is breá liom leabhair Ghaeilge a _____. (léigh)
4. Caithfidh tú é sin a _____ de ghlanmheabhair roimh mhaidin Dé Céadaoin. (foghlaim)
5. Tá súil agam airgead a _____ roimh na laethanta saoire. (sábháil)

Ceist 5 ‘...sráidbhaile...’ agus ‘...bruachbhaile...’

(a) Is comhfhocail iad na focail thuas. Cad is féidir leat a rá faoin tslí a gcuirtear dhá fhocal le chéile mar sin?

(b) An bhfuil na focail thuas firinsneach nó baininsneach?

(c) Déan ransú intinne leis an duine in aice leat ar na cineálacha áiteanna ar fad ar féidir le daoine cónaí iontu.

Ceist 6 Pléigh na ceisteanna seo leis an duine in aice leat nó le do ghrúpa:

- Cén fáth a n-íoctar cáin, dar leat?
- An íocann daoine an iomarca cánach sa tír seo, dar leat? Cén fáth?
- Cad a cheapann tú féin faoin cháin mhaoine seo?

Freagraí Ceist 1

1	2	3	4	5	6	7	8	9	10	11
e	d	a	g	b	k	h	c	j	i	f

Ceist 2 A

1. Tá tús curtha leis an cháin mhaoine a bhailiú.
2. Tá litreacha curtha chuig úinéirí tí ar fud na tíre.
3. Deir na Coimisinéirí loncaim gur cheart na treoracha ar a suíomh idirlín a leanúint chun an cháin cheart a íoc.
4. Tá beirt chainteoirí ag gearán faoin cháin agus faoin treoir atá ar an suíomh.
5. Tá an cháin le híoc roimh dheireadh na bliana cé nach ach leathbhliain cánach a bheidh ann.
6. Beidh bliain iomlán cánach le híoc sa bhliain 2014.

Ceist 2 B

Dónal Ó Loinsigh: Nach ionann teach feirme agus tithe eile agus gur cheart do gach feirmeoir cás pearsanta a dhéanamh leis na Coimisinéirí loncaim.

Andrias Ó Muineacháin: Ceapann sé go bhfuil na treoracha ar an suíomh idirlín amaideach, nach féidir tithe i mbruachbhailte agus tithe faoin tuath a chur i gcomparáid le chéile agus iad a chur sa bhanda céanna. Tá i bhfad níos mó seirbhísí ag tithe i mbruachbhailte.

Ceist 3

An aidiacht shealbhach.

mo *teach*
do *teach*
a *teach*
a *teach*
ár *dteach*
bhur *dteach*
a *dteach*

Ceist 4

1. Ar mhiste leat an fhuinneog a **oscailt**, le do thoil. Tá sé chomh brothallach anseo. (oscail)
2. Bhí orm an tsiopadóireacht a **dhéanamh** ar an Aoine mar ní raibh faic sa teach. (déan)
3. Is breá liom leabhair Ghaeilge a **léamh**. (léigh)
4. Caithfidh tú é sin a **fhoghlaim** de ghlanmheabhair roimh mhaidin Dé Céadaoin. (foghlaim)
5. Tá súil agam airgead a **shábháil** roimh na laethanta saoire.

Ceist 5

- (a) Cuirtear séimhiú ar an dara focal.
- (b) Braitheann inscne an chomhfhocail ar an dara focal, **baile** sa chás seo. Is focal firinscneach é **baile** agus mar sin tá an dá fhocal firinscneach fosta.
- (c) Feirm, ceantar tuaithe, cathair, baile mór, sráidbhaile, bruachbhaile, príomhchathair, teach scoite, árasán, eastát tithíochta, caisleán agus araile.

Ceist 6

Abair leis na foghlaimeoirí na ceisteanna a phlé ina mbeirteanna nó i ngrúpaí.

Máire T. Ní Mhadaoin

Tá tús curtha inniu leis an bpróiseas leis an gcáin mhaoine a bhailiú agus litreacha postáilte chuig úinéirí tí faoin gcáin chonspóideach. Deir na Coimisinéirí Ioncaim nár cheart cloí leis an treoir atá ar an suíomh idirlín agus sin amháin leis an gcáin a ríomh, ach an bhfuil an córas cóir do mhuintir na tuaithe? Tá daoine ann a deir nach bhfuil.

Grett O'Connor

Cosúil leis na mílte eile ar fud na tíre bhí Dónal Ó Loinsigh ó Chúil Aodha ag féachaint ar shuíomh idirlín na gCoimisinéirí Ioncaim inniu agus ar an luach a bhí molta ann dá thighⁱ feirme.

Dónal Ó Loinsigh

Tá difríocht mhór, tá sé ana-dheacair ar fad luach a chur ar thigh istigh i lár feirme seachas tigh i sráidbhaile nó ar thaobh an bhóthair. Agus measaimse, caithfidh gach aon fheirmeoirⁱⁱ sa tír ...a phlé... a chás féin a phlé leis an *Revenue*.

Grett O'Connor

Cé go ndeireannⁱⁱⁱ an suíomh idirlín nach bhfuil i gceist sna luachanna^{iv} atá tugtha ach treoir, deir comhairleoir áitiúil amháin nach bhfuil aon dealramh leis an treoir chéanna.

An Comhairleoir Aindrias Ó Muineacháin

Is ea, d'fhéachas ar thithe^v tuaithe mórthimpeall ceantar Mhúscraí^{vi} agus iad sin a chur i gcomparáid leo sin istigh sna bruachbhailte i mBaile an Easpaig agus fiú i mBaile an Chollaigh. Agus, is cosúil go bhfuil a lán díobh sa bhanda céanna, banda a trí agus tá sé ana-dheacair a thuiscint conas a d'fhéadfadh^{vii} tithe tuaithe, tithe iargúlta a bheith....an cháin chéanna a leagfaidh an rialtas orthu sin is a bheadh ar thithe istigh sna bruachbhailte, áit go mbeadh uisce, séarachas agus a leithéid ar fáil.

Grett O'Connor

Tosnófar ag seoladh amach litreacha inniu chuig úinéirí tí ar fud na tíre ag míniú dóibh conas féinmheasúnú a dhéanamh ar luachanna a dtithe. Beidh na litreacha ar fad seolta amach faoi lár na míosa seo chugainn agus is gá an cháin a íoc roimh dheireadh na bliana. Cáin leathbhliana a bheidh i gceist do 2013, ach dar ndóigh is gá dhá oiread an mhéid sin a íoc don bhliain seo chugainn. Grett O'Connor, Nuacht TG4 i nGaeltacht Mhúscraí.

ⁱ Is leagan canúnach den fhocal *teach* é *tigh*

ⁱⁱ *feirmeoir* a deirtear

ⁱⁱⁱ *go ndeir* atá sa chaighdeán oifigiúil

^{iv} *luacha* a deirtear

^v *ar tithe* a deirtear

^{vi} *Múscraí* a deirtear

^{vii} *go bhféadfadh* a deirtear